CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 68/26

**Lucsamburg, 7 Bealtaine 2026**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-747/22 | INPS (Cúnamh sóisialta agus rochtain ar an bhfostaíocht – Idirdhealú indíreach)

# Rochtain ar chúnamh sóisialta agus ar an bhfostaíocht: is ionann coinníoll cónaithe 10 mbliana agus idirdhealú indíreach a dhéanamh ar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta

Baineadh 'an t-ioncam saoránachta' (sochar shóisialta a raibh scéim lánpháirtíochta oibre ag gabháil leis) de náisiúnach eachtrach a bhí faoi chosaint choimhdeach san Iodáil tar éis gur léiríodh, tar éis rialú riaracháin, nár chomhlíon sé an coinníoll cónaithe 10 mbliana ar a laghad sa chríoch náisiúnta dá bhforáiltear i ndlí na hIodáile. Rinne sé agóid i gcoinne an chinnidh sin os comhair cúirt Iodálach a tharchur ceist chun na Cúirte Breithiúnais chun a chinneadh an idirdhealú indíreach in aghaidh náisiúnaigh eachtracha a bhí sa choinníoll sin.
Chinn an Chúirt go dtagann deonú ioncaim saoránachta faoi raon feidhme phrionsabal an chomhionannais idir tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta agus náisiúnaigh, maidir le rochtain ar fhostaíocht agus an ceart chun ioncaim íosta araon. Cé go gcuirtear an coinníoll seo i bhfeidhm ar an mbealach céanna ar gach náisiúnach, is ar na neamh-náisiúnaigh is mó a dtéann sé i bhfeidhm. Níl údar leis an difríocht sin sa chóir mar go bhfuil, dar le Rialtas na hIodáile, ualach suntasach riaracháin agus eacnamaíoch i gceist le deonú an ioncaim saoránachta. Dá bhrí sin, is idirdhealú indíreach é a thoirmisctear le dlí an Aontais.

Fuair tairbhí faoi chosaint choimhdeach, atá ina chónaí go dleathach san Iodáil ó 2011 i leith, 'an t-ioncam saoránachta', sochar sóisialta lena ngabhann bearta le haghaidh lánpháirtiú gairmiúil agus sóisialta. Bhí deonú na cabhrach sin faoi réir coinníoll cónaithe 10 mbliana ar a laghad ar chríoch na hIodáile, a gcaithfidh an dá bhliain dheireanacha den tréimhse sin a bheith ar bhonn leanúnach.

I ndiaidh iniúchadh a dhéanamh, tuigeadh don Institiúid Náisiúnta um Shlándáil Shóisialach (INPS) nár comhlíonadh an coinníoll seo. Dá bhrí sin, chuir an institiúid sin deireadh le híocaíocht an liúntais leis an bhfaighteoir sin agus d'éiligh go n-aisíocfaí na suimeanna a fuarthas go míchuí.

Rinne an duine sin agóid i gcoinne an chinnidh sin os comhair cúirt Iodálach, agus d'áitigh sé gur idirdhealú indíreach a bhí sa cheanglas cónaithe 10 mbliana, ós rud é go raibh sé níos éasca do náisiúnaigh na hIodáile é a chomhlíonadh. Óna thaobh féin de, mhaígh INPS nach raibh sé i gceist leis an ioncam sin príomhriachtanas a chumhdach, ach gur tháinig sé faoi raon feidhme na mbeartas fostaíochta agus lánpháirtíochta, rud a thug údar leis an gceanglas maidir le fíornasc a bheith ag an duine le críoch na hIodáile.

Agus í den tuairim go bhféadfadh an coinníoll sin a bheith idirdhealaitheach agus díréireach, chuir an chúirt náisiúnta an t-ábhar faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais chun a chinneadh an raibh sé ag luí le dlí an Aontais.

Deir an Chúirt, ar an gcéad dul síos, gur beart é **'an t-ioncam saoránachta' lena n-éascaítear rochtain ar an bhfostaíocht, faoi réir phrionsabal an chomhionannais idir tairbhithe cosanta idirnáisiúnta agus náisiúnaigh** [1], **agus gur sochar sóisialta riachtanach é, i bhfoirm ioncaim íosta, atá cumhdaithe ag an bprionsabal céanna sin freisin** [2].

Ar an dara dul síos, **tá tionchar ag an gcoinníoll cónaithe 10 mbliana** – fiú dá gcuirfí i bhfeidhm ar náisiúnaigh an Bhallstáit agus ar thairbhithe cosanta idirnáisiúnta ar an mbealach céanna é – **ar dhaoine nach náisiúnaigh iad go**

**príomha agus is éard atá ansin ná idirdhealú indíreach** orthu, a bhfuil toirmeasc air ó thaobh prionsabail.

Ar an tríú dul síos, measann an Chúirt **nach dtugtar údar oibiachtúil don choinníoll sin** ar an mbonn go bhfuil ualach suntasach riaracháin agus eacnamaíoch i gceist le deonú 'an ioncaim saoránachta', dar le Rialtas na hIodáile, ar chaoi do mbeadh údar leis an deonú sin a fhorchoimeád do dhaoine atá comhtháite go maith sa phobal náisiúnta amháin.

Tugann an Chúirt dá haire i ndáil leis sin go bhfuil na costais chéanna ar institiúid lena mbaineann a bheith ag deonú sochair shóisialta do dhuine, bíodh an duine sin ina thairbhí de chosaint idirnáisiúnta nó ina náisiúnach den Bhallstát lena mbaineann.

Thairis sin, maidir le bearta chun rochtain a fháil ar an bhfostaíocht agus ar shochair shóisialta bhunriachtanacha, amhail 'an t-ioncam saoránachta', tugtar ceart chun córa comhionainne do thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta le dlí an Aontais, gan cead a thabhairt do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha nó teorainneacha sa bhreis orthu sin atá leagtha síos ag reachtóir an Aontais. Ach ar an ábhar sin, ní dhéantar foráil dá laghad i ndlí an Aontais maidir le fad an chónaithe ar chríoch Ballstáit a bheith ina chritéar chun na sochair lena mbaineann a dheonú do na tairbhithe sin.

Anuas air sin, tá sé contrártha do chuspóir dhlí an Aontais, ar é íosleibhéal sochar a áirithiú do thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, deonú na sochar sin a chur faoi réir coinníoll cónaithe 10 mbliana sa Bhallstát lena mbaineann, ar an mbonn nach bhfuil stádas na dtairbhithe sin buan, mar is dual dó a bheith ó tharla go bhféadfar é a chúlghairm, rud a chiallaíonn, i gcás gurb iomchuí, go bhfillfeadh an duine lena mbaineann ar a thír thionscnaimh.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás gurb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Rud a eascraíonn as Airteagal 26 de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar.

[2] Mar a leagtar amach in Airteagal 29 de Threoir 2011/95.